# 23 Fáltais ó uasteorainn le hioncaim dhíolacháin leictreachais

**23.1** I mí Dheireadh Fómhair 2022, tugadh isteach rialachán 2022/1854 ó Chomhairle an AE (an Rialachán) mar fhreagra práinneach ar ardú mór ar phraghsanna fuinnimh laistigh den AE de bharr margaí luaineacha do bhreoslaí iontaise de bharr an chogaidh san Úcráin den chuid is mó.[1]

**23.2** Foráladh i gcuid amháin den Rialachán do thobhach bliantúil — dá ngairtear ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach (TSC) — is inmhuirearaithe i leith gníomhaíochtaí ábhartha cuideachta fuinnimh.[2] Bhí feidhm shiarghabhálach ag an TSC in Éirinn maidir leis na blianta 2022 agus 2023.[3] Ba í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailigh an TSC agus íocadh leis an Státchiste í.[4] Bailíodh fáltais TSC arbh fhiú €271.4 milliún san iomlán iad in 2023 agus 2024.

**23.3** Ar leithligh, thug an tAcht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Uasteorainn le hIoncaim Mhargaidh), 2023 (an tAcht) éifeacht do chuid eile den Rialachán. Ceanglaítear leis an Acht go ndéanfaidh táirgeoirí, idirghabhálaithe nó trádálaithe atá ag gabháil do dhíol leictreachais (soláthraithe leictreachais) íocaíochtaí isteach i gCiste Uasteorann Margaidh sainchuspóra (an Ciste).

**23.4** Ríomhadh an dliteanas uasteorann margaidh i leith ioncaim a thuill soláthraithe leictreachais le linn na tréimhse 1 Nollaig 2022 go 30 Meitheamh 2023 a sháraigh na méideanna uasteoranta a socraíodh d'fhoinsí éagsúla breosla. Leagtar amach in Iarscríbhinn 23A na méideanna uasteoranta do gach foinse/cineál breosla Tá an t-airgead sa Chiste le húsáid chun bearta a mhaoiniú chun tacú le tomhaltóirí deiridh leictreachais chun tionchar praghsanna arda leictreachais a mhaolú.

**23.5** Tá EirGrid freagrach as an gCiste a bhunú agus a chothabháil chomh maith le bheith ina ghníomhaire bailiúcháin le haghaidh na n-íocaíochtaí ó na soláthraithe leictreachais.[5] Ceanglaíodh ar sholáthraithe leictreachais tuairisceán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntas (CRU) ina raibh a measúnú ar an íocaíocht a bhí dlite don ghníomhaire bailiúcháin.

**23.6** Mar chomhlacht tráchtála Stáit, níl EirGrid féin faoi shainchúram iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Mar sin féin, tá EirGrid freagrach as cuntais chuí a choinneáil don Chiste agus ceanglaítear air iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Baineann an chéad sraith cuntas don Chiste a tíolacadh lena n-iniúchadh leis an tréimhse 17 Samhain 2023 go 30 Meán Fómhair 2024.[6]

**23.7** Cé nach bhfuil sé sonraithe san Acht, tá Ard-Rúnaí na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an Roinn) tar éis freagracht a ghlacadh as na cuntais a shíniú agus as polasaithe an Rialtais a chur i bhfeidhm atá oiriúnach don Chiste.

1 Rialachán ón gComhairle (AE) 2022/ 1854.

2 An tAcht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach).

3 Níor shín an Rialtas an TSC thar thréimhse inmhuirearaithe 2023.

4 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 1, Caiteachas airgeadais an státchiste don bhliain 2024.

5 Is cuideachta faoi úinéireacht an Stáit é EirGrid atá freagrach as an eangach leictreachais in Éirinn.

6 Tagann an dáta tuairiscithe airgeadais don Chiste (30 Meán Fómhair) le dáta tuairiscithe airgeadais EirGrid.

## Tuairisceáin agus íocaíocht


**23.8** Tuairiscítear sa ráiteas ar rialuithe airgeadais inmheánacha a ghabhann le cuntais an Chiste go bhfuil an CRU freagrach as na tuairisceáin a mheasúnú agus as iomláine na dtorthaí a fhaightear ó na soláthraithe leictreachais a chinntiú.

**23.9** Ceanglaíodh ar na soláthraithe leictreachais tuairisceán a dhéanamh leis an CRU faoin 31 Nollaig 2023. Bhí tuairisceán nialasach ag teastáil mura raibh aon dliteanas measúnaithe ann.[1]

**23.10** Fuarthas 236 tuairisceán san iomlán ar bhain dliteanas ríofa €188.9 milliún leo. Ní bhfuarthas caoga a sé tuairisceán faoin spriocdháta. Fuarthas an tuairisceán deireanach an 13 Bealtaine 2024 agus fuarthas cúig thuairisceán faoi dhliteanas formhuirear mar gheall ar a bheith déanach.

**23.11** Fuarthas méideanna €188.5 milliún san iomlán isteach sa Chiste amhail an 30 Meán Fómhair 2024 (féach Fíor 23.1).

**Fíor 23.1 Íocaíochtaí an chiste a fuarthas agus infhaighte 30 Meán Fómhair 2024[a,b]**




Foinse: EirGrid agus an Coimisiún um Rialáil Fóntais

Nótaí: a Áirítear leis €441,000 nach bhfuarthas ina gcuimsítear uasteorainn bharrachais choigeartaithe (isé sin méid an tuairisceáin) €412,000 agus ús/formhuirir €29,000.

b Baineann ús le híocaíochtaí déanacha agus baineann formhuirir le tuairisceáin dhéanacha. B'ionann iad sin agus €120,000.

1 Bhí ar sholáthraithe lasmuigh den raon feidhme (m.sh. gineadóirí gáis) measúnú nialasach a chur isteach, agus bhí ar sholáthraithe laistigh den raon feidhme tuairisceán a chomhdú ina mínítear aon íocaíocht a bhí dlite nó cén fáth nach raibh aon íocaíocht dlite.

### *Ioncam eile*

**23.12** I mí Feabhra agus Márta 2024, cuireadh €181 milliún san iomlán le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i bhfoirm Nótaí Státchiste ar aibíocht rollach míosa. Ba é an caipitliú úis a tuilleadh ar an méid ar ráta 1% go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 ná beagnach €1.2 milliún.

## Iomláine na dtuairisceán

**23.13** Bhain an CRU úsáid as scarbhileog chun na 236 tuairisceán a fuarthas a rianú, scairbhileog a chuir sé ar fáil d'EirGrid. D'fhostaigh an CRU comhairleoirí chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar chruinneas na dtuairisceán. Amhail Lúnasa 2024, bhí seiceálacha bailíochta ardleibhéil curtha i gcrích ar gach tuairisceán.

**23.14** Coinníonn an CRU scarbhileog ina gcuirtear saincheisteanna i dtaifead a sainaithníodh le linn na seiceálacha. Ag deireadh mhí Feabhra 2025, bhí 109 saincheist curtha i dtaifead ag an rianaitheoir, agus rangaíodh 75% díobh mar shaincheisteanna oscailte. Aithníodh airgead breise féideartha atá dlite ag rannpháirtithe i seacht saincheist.

**23.15** Tá an CRU i mbun measúnuithe mionsonraithe a dhéanamh ar na ceithre thuairisceán is airde arb ionann iad agus beagnach 56% de na híocaíochtaí iomlána a rinneadh le EirGrid. Thug an CRU faoi shampla tosaíochta de na 232 tuairisceán eile. Is ionann na tuairisceáin tosaíochta seo, mar aon leis na ceithre thuairisceán is mó, agus beagnach 64% de na híocaíochtaí iomlána a dhéantar le EirGrid. Mar chuid den phróiseas measúnaithe, tá iarratais ar thuilleadh faisnéise eisithe ag an CRU.

**23.16** Sa tréimhse ó Iúil 2023 go Meitheamh 2025, b'ionann costas na gcomhairleoirí agus beagnach €2 mhilliún. Measann an CRU go gcosnóidh na costais bhreise go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2025 thart ar €214,000, agus táthar le leanúint ar aghaidh leis an obair tar éis an dáta sin. Tá costas na gcomhairleoirí á íoc ag tobhach leictreachais a bhailítear ó eintitis rialaithe.

## Eisíocaíochtaí ciste

**23.17** Ba é iarmhéid an Chiste amhail an 30 Meán Fómhair 2024 (an dáta tuairiscithe airgeadais) thart ar €190 milliún.

**23.18** Foráiltear in alt 28 den Acht go ndéanfaidh an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an tAire), le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe, scéim amháin nó níos mó a fhorordú chun airgead a eisíoc as an gCiste. Ní mór airgead a úsáid de réir an Rialacháin, chun bearta a mhaoiniú chun tacú le custaiméirí deiridh leictreachais a mhaolaíonn tionchar praghsanna arda leictreachais ar na custaiméirí sin, ar bhealach spriocdhírithe.

**23.19** Tá sé ráite ag an Roinn, i mí Lúnasa 2025, gur fhorordaigh an tAire an Scéim Micrighiniúna Tráchtála atá ann cheana chun eisíocaíocht suas le €27 milliún a fháil ón gCiste.[1,2] Amhail an 15 Meán Fómhair 2025, tá €3.9 milliún eisíoctha le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, a fheidhmíonn an scéim micrighiniúna. Go dtí sin, bhí an scéim maoinithe ó Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol.

1 Seachas aon rómhuirir a aisíoc le rannpháirtithe, ní fhoráiltear leis an Acht d'aon eisíocaíochtaí eile ón gCiste.

2 Deontas micrighiniúna tráchtála.

## Cuntasacht

**23.20** Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Chiste. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ag brath ar dheimhniú ó EirGrid go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánach éifeachtach i bhfeidhm chun cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais a chinntiú. Mar sin féin, níl comhaontú seirbhíse i bhfeidhm ón 28 Iúil 2025 a dhéanann róil agus freagrachtaí na Roinne agus EirGrid foirmeálta i bhfeidhmiú an Chiste.

**23.21** Mar an gcéanna, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta ag brath ar obair bhailíochtaithe an CRU chun iomláine agus cruinneas na dtuairisceán a chuireann rannpháirtithe isteach a chinntiú. Dúirt an Roinn go bhfuil freagracht an CRU as tuairisceáin a bhailíochtú sainithe san Acht agus nár theastaigh comhaontú seirbhíse leis an CRU dá bhrí sin.

## Conclúidí

**23.22** Bunaíodh an Ciste Uasteorann Margaidh le dlí in 2023 ar bhonn éigeandála agus sannadh freagracht reachtúil ar roinnt eintiteas as gnéithe éagsúla de riarachán agus de chothabháil an Chiste. Níor cruthaíodh sa reachtaíocht cuntasacht fhoirmiúil as ráitis airgeadais an Chiste. Tá an ról seo glactha ag Ard-Rúnaí na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

**23.23** Ba é príomhról EirGrid méideanna an tobhaigh a bhailiú. Ós rud é nár cuireadh síneadh leis an tréimhse inmhuirearaithe, tá an ról sin thart den chuid is mó anois.[1] Mar sin féin, tá EirGrid fós freagrach as riar agus bainistiú an Chiste agus as cuntais an Chiste a thabhairt ar aird. Tá sé ráite ag EirGrid go nglacfaidh sé treoir ón Roinn maidir le hairgead a eisíoc ón gCiste agus nach mbeidh sé ag úsáid aon cheann de na cistí chun a chuspóirí féin.

**23.24** Amhail ar dháta tuairiscithe an Chiste — 30 Meán Fómhair 2024 — ba é an t-iarmhéid sa Chiste €190 milliún. Bhí formhór na n-íocaíochtaí isteach sa Chiste faighte faoi dheireadh Eanáir 2024. I mí Lúnasa 2025, d’ordaigh an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil scéim chun cuid d’acmhainní an Chiste a úsáid. Ón 15 Meán Fómhair 2025, tá €3.9 milliún eisíoctha i leith na scéime ainmnithe.

1 Tar éis seiceálacha bailíochtaithe an CRU, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar rannpháirtithe tuairisceán athbhreithnithe a chur isteach agus airgead breise a íoc leis an gCiste (nó é a aisíoc ón gCiste).

## Iarscríbhinn 23A Uasteorainn mhargaidh bhainteach in aghaidh na foinse breosla

| Foinse breosla | Uasteorainn mhargaidh €/MWh[a] |
|---|---|
| Fuinneamh gaoithe | 120 |
| Grianfhuinneamh | 120 |
| Fuinneamh geoiteirmeach | 180 |
| Hidreachumhacht (le nó gan taiscumar) | 120 |
| Bithmhais | Uas. (180, ACP[b] móide 15) |
| Dramhaíl | 180 |
| Fuinneamh núicléach | 180 |
| Lignít | 180 |
| Peitriliam amh | Uas. (180, ACP[b] móide 120) |
| Móin | Uas. (180, ACP[b] móide 15) |
| Gual crua | Uas. (180, ACP[b] móide 35) |

Foinse: An Coimisiún um Rialáil Fóntais

Nótaí:
a Is meigeavata cumhachta amháin é MWh a tháirgtear ar feadh uair an chloig.
b Braitheann an uasteorainn mhargaidh a bhaineann le foinsí breosla áirithe ar an 'gcostas táirgthe incheadaithe' (ACP), ar luach saincheaptha é do gach aonad giniúna. D'fhéadfadh ACP athrú mar go léirítear ann costais imeallacha aonaid giniúna.